

Coimeádaí Cúnta Grád II – Rannóg Sheaniarsmaí na hÉireann

LEABHRÁN EOLAIS

Tá **Ard-Mhúsaem na hÉireann** ag lorg iarratas ó iarrthóirí cuí chun an post seo a leanas a líonadh: Coimeádaí Cúnta Grád II – Rannóg Sheaniarsmaí na hÉireann. Is conradh buan lánaimseartha é seo agus líonfar an post trí agallamh oscailte iomaíoch a dhéanamh.

Teideal an Phoist

Coimeádaí Cúnta Grád II – Rannóg Sheaniarsmaí na hÉireann.

Láthair

Beidh an t-iarrthóir rathúil lonnaithe in Ard-Mhúsaem na hÉireann, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2 nó in aon láithreán eile de chuid Ard-Mhúsaem na hÉireann a ainmneoidh an Stiúrthóir ó am go ham.

Ag obair faoi

Beidh an t-iarrthóir rathúil ag obair faoi Choimeádaí Sheaniarsmaí na hÉireann nó aon Bhainisteoir Músaeim eile a cheapann Stiúrthóir Ard-Mhúsaem na hÉireann.

Cuspóir an Phoist

Oibreoidh sealbhóir an phoist laistigh de Rannóg Sheaniarsmaí na hÉireann (IAD), ceann amháin de cheithre ranna coimeádaíochta in Ard-Mhúsaem na hÉireann. Tá an IAD freagrach as Bailiúchán Náisiúnta Sheaniarsmaí na hÉireann mar aon le bailiúcháin ábhar Clasaiceacha, Éigipteacha agus Eitneagrafaíocha. Is rannóg ghnóthach í an IAD, atá gníomhach i mbainistiú an bhailiúcháin agus a chartlann, cnuasaigh stóir a choimeád, taispeántais inmheánacha agus iasachta, tochailt agus obair allamuigh seandálaíochta, taighde agus foilsiú mar aon le tabhairt faoi fheidhmeanna reachtúla eile faoi Acht na nInstitiúidí Cultúrtha Náisiúnta 1997, Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta (1930 go 2014) agus Acht na hOidhreacht Stairiúla agus Seandálaíochta agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2023. Beifear ag súil go ndéanfaidh sealbhóir an phoist tascanna laethúla a bhaineann leis an méid thuas, mar oifigeach dualgais a fheidhmiú agus plé a dhéanamh le comhghleacaithe laistigh den rannóg agus ar fud an institiúid chun spriocanna an phlean gnó bliantúil a bhaint amach.

Dualgais agus Freagrachtaí

Seo a leanas na príomhdualgais:

- Bailiúcháin Rannóg Sheaniarsmaí na hÉireann a choimeád, cothabháil a dhéanamh orthu agus cur leo, lena n-áirítear obair allamuigh a dhéanamh;
- An oidhreacht seandálaíochta iniompartha a chosaint;
- Na bailiúcháin a chur chun chinn agus a fheabhsú trí thaispeántais, iasachtaí, taighde, foilseacháin agus léachtaí in Éirinn agus thar lear;
- Seirbhís den chéad scoth a chur ar fáil don phobail i gcoitinne agus do speisialtóirí;

- Plé éifeachtúil a dhéanamh le comhghleacaithe laistigh den IAD, ar fud an mhúsaem agus leis an bpobal seandálaíochta gairmiúil chun cuspóirí an phlean gnó bliantúil a bhaint amach.
- Feidhmeanna reachtúla Rannóg Sheaniarsmaí na hÉireann a chur i gcrích, lena n-áirítear maidir le hábhair seandálaíochta a athrú nó a easpórtáil agus measúnú a dhéanamh ar cheadúnais tochailte mar chuid de ról reachtúil Ard-Mhúsaem na hÉireann mar chomhairlí ó thaobh ceadúnaithe tochailte de
- Maoirseacht a dhéanamh ar ábhair seandálaíochta tochailte a chur isteach i siopaí Ard-Mhúsaem na hÉireann
- Plé a dhéanamh go dlúth le comhlachtaí gairmiúla agus údaráis reachtúla eile maidir le tochailt agus ceadúnú seandálaíochta
- Dualgas ar bith eile a bhféadfaí a cheapadh ó am go ham.

Sonraíocht Phearsanta

Riachtanach

- Céim onóracha sa tSeandálaíocht
- Saineolas ar bhailiúcháin seandálaíochta Ard-Mhúsaem na hÉireann agus cáipéisí a bhaineann leo
- Oiliúint,aineolas agus taithí ghairmiúil léirithe ar an tseandálaíocht
- Cumas léirithe obair a dhéanamh go héifeachtúil laistigh d'fhoireann, ach chomh maith leis sin, féinspreagtha agus an-mheabhrach
- Scileanna TF láidre agus eolas maith ar bhunachair shonraí bailiúchán don tSeandálaíocht
- Scileanna cumarsáide éifeachtacha, lena n-áirítear scríbhneoireacht, eagarthóireacht agus cur i láthair
- Tuiscint mhaith ar fhorálacha reachtaíocht oidhreachta na hÉireann agus ar ról reachtúil Ard-Mhúsaem na hÉireann
- Cumas cruthaithe pleanáil go héifeachtach agus tús áite a thabhairt
- Cumas léirithe cloí le spriocdhátaí agus fócas a choinneáil faoi bhrú

Tá na cáilíochtaí seo a leanas inmhianaithe (ach níl siad bunriachtanach)

- Oiliúint,aineolas agus taithí coimeádaíochta
- Speisialachas i Seandálaíocht na hÉireann
- Taifead foilseacháin cruthaithe
- Saineolas ar bheartas oidhreachta oifigiúil mar a bhaineann sé leis an tseandálaíocht
- Ceadúnas tiomána iomlán reatha
- Scileanna teanga (go háirithe sa Ghaeilge)
- Incháilithe ceadúnas tochailte seandálaíochta ag an té a cheapfar

Próiseas Roghnúcháin

Sa chás go bhfaightear líon iarratas a sháraíonn go mór an líon is gá chun na folúntais atá ann cheana agus a mheastar a bheidh ann amach anseo a líonadh thar shaolré an phainéil, féadfaidh Ard-Mhúsaem na hÉireann próiseas gearrliostaithe a chur i bhfeidhm chun líon iarrthóirí a roghnú a dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh ar bhunús na faisnéise atá ina n-iarratais. Ní hionann sin is a rá go bhfuil iarrthóirí eile mí-oiriúnach nó nach mbeadh sé ar a gcumas an post a chomhlíonadh, ach go bhfuil roinnt iarrthóirí ann ar bhonn an eolais a cuireadh ar fáil, cáilithe níos fearr, agus/nó a bhfuil níos mó taithí ábhartha acu.

Ní aisíocann Ard-Mhúsaem na hÉireann costas taistil chuig agallamh.

Riachtanais Saoránachta

Ní mór d'iarrthóirí incháilithe a bheith ina:

- (a) Saoránach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch. Tá LEE comhdhéanta de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó
- (b) ina saoránaigh den Eilvéis de bhun an chomhaontaithe idir AE agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; nó
- (c) ina saoránaigh nach saoránaigh LEE iad ach ar céile nó leanbh de chuid saoránach LEE nó na hEilvéise iad agus a bhfuil víosa stampa 4 acu; nó
- (d) Duine ar dámhadh cosaint idirnáisiúnta faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015 nó aon bhall teaghlaigh atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh agus a bhfuil víosa stampa 4 aige nó aici; nó
- (e) Duine nach saoránach LEE é ar tuismitheoir linbh chleithiúnaigh é atá ina shaoránach LEE, agus a chónaíonn i mballstát LEE nó san Eilvéis agus a bhfuil víosa stampa 4 aige nó aici.

Chun bheith incháilithe ní mór d'iarrthóirí ceann de na critéir shaoránachta thuasluaite a chomhlíonadh faoin dáta a ndéantar aon tairiscint poist.

Nóta maidir le saoránaigh RA: Deimhníodh sa chaibidlíocht faoin Bhreathimeacht idir AE agus RA a tugadh chun críche le déanaí nach bhfuil aon athrú ar an gComhaontú um Chomhlimistéar Taistil a bhí ann le fada idir RA agus Éire tar éis na Breathimeachta. Dá réir sin, tá saoránaigh RA fós i dteideal oibriú agus cónaí in Éirinn gan srian agus, mar sin, tá siad i dteideal iarratas a dhéanamh chun dul san iomaíocht sa chomórtas seo má chomhlíonann siad na critéir cháilitheachta eile go léir. Tá tuilleadh faisnéise maidir leis an gComhlimistéar Taistil ar fáil [anseo](#).

Scéim Dreasaithe um Luathscor (ISER):

Tá sé mar choinníoll den Scéim Dreasachta um Luathscor (ISER) mar atá leagtha amach i gCiorclán 12/09 na Roinne Airgeadais go bhfuil cosc ar dhaoine atá ar scor, faoin Scéim, iarratas a dhéanamh ar phost eile san fhostaíocht chéanna nó san earnáil chéanna. Mar sin, ní fhéadfaidh a leithéid de dhaoine a chuaigh ar scor cur isteach ar an bpost seo.

Ciorclán na Roinne Sláinte agus Leanaí (7/2010):

Thug Ciorclán na Roinne Sláinte 7/2010 dar dáta an 1 Samhain 2010 isteach Scéim Spriocdhírithí um Luathscor Deonach (VER) agus Scéimeanna Iomarcaíochta Deonacha

(VRS). Is coinníoll den scéim VER é nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an scéim i dteideal a bheith athfhostaithe san earnáil sláinte poiblí nó sa tSeirbhís Phoiblí níos leithne nó i gcomhlacht atá maoinithe go hiomlán nó go príomha ó chistí poiblí. Tá feidhm ag an toirmeasc céanna ar athfhostú faoin VRS, ach amháin go bhfuil an toirmeasc ar feadh tréimhse 7 mbliana i gceist, agus ina dhiaidh sin beidh gá le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a fháil d'aon athfhostú. Níl daoine a bhain leas as ceachtar den dá scéim sin i dteideal dul san iomaíocht sa chomórtas seo.

Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí:

Thug litir na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe dar dáta an 28 Meitheamh 2012 chuig Oifigigh Pearsanra isteach, le héifeacht ón 1 Meitheamh 2012, Comhaontú Comhchoiteann ar thángthas air idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Coiste Seirbhísí Poiblí Chomhar Ceardchumann na hÉireann (ICTU) maidir le Íocaíochtaí Iomarcaíochta ex-gratia le Seirbhísigh Phoiblí go mbeidh sé mar choinníoll den Chomhaontú Comhchoiteann nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an gcomhaontú sin incháilithe lena n-athfhostú sa tseirbhís poiblí ag aon chomhlacht seirbhíse poiblí (mar atá sainmhínithe sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009 – 2011) ar feadh tréimhse 2 bhliana ó fhoirceannadh na fostaíochta. Ina dhiaidh sin beidh toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag teastáil roimh aon athfhostú. Beidh ar dhaoine a bhain leas as an scéim seo agus a d'fhéadfadh an rath a bheith orthu sa chomórtas seo a n-incháilitheacht a chruthú (deireadh na tréimhse neamh-incháilitheachta) agus ní mór toiliú an Aire a fháil sula bhfostaítear iad in aon chomhlacht seirbhíse poiblí.

Dearbhú: Ceanglófar ar iarratasóirí a dhearbhu ar bhain siad leas as scéim dreasachta luathscoir na seirbhíse poiblí roimhe sin nó nár bhain. Ceanglófar ar iarratasóirí freisin aon teidlíochtaí atá acu i leith sochar pinsin seirbhíse poiblí (in íocaíocht nó caomhnaithe) ó aon fhostaíocht seirbhíse poiblí eile a dhearbhu agus/nó i gcás ina bhfuil íocaíocht in ionad faighte acu i leith seirbhíse in aon fhostaíocht sa tseirbhís poiblí.

TREORACHA AN IARRATAIS

Cuirtear iarratais isteach ar an gcuid folúntas de **shuíomh gréasáin Ard-Mhúsaem na hÉireann**: <https://www.museum.ie/en-IE/About/Careers/Vacancies>

Is gá d'iarratasóirí an fhoirm iarratais chomhlánaithe, CV cothrom le dáta, agus litir chlúdaigh a chur isteach. **Iarraimid ar iarrthóirí go gcuirtear na trí cháipéis ar fad le chéile agus iad a chur isteach ar PDF aonair amháin.**

Ní mór don fhoirm iarratais a líonadh isteach go hiomlán agus í a chur isteach i gclóscríbhinn. Ní ghlacfar le hiarratais lámhscríofa agus iarratais atá san fhormáid mhícheart. Mura ndéanann tú amhlaidh, beidh an t-iarratas neamhiomlán, agus ní bhreithneofar é.

Chun tús a chur leis an bpróiseas iarratais, tabhair cuairt ar ár leathanach Folúntais.

Céimeanna le clárú:

- Téigh go dtí an leathanach Folúntais agus roghnaigh an post atá tú ag iarraidh cur isteach air.
- Léigh an Leabhrán Eolais le haghaidh sonraí iomlána maidir leis an bpost.
- Tá na cáipéisí atá ag teastáil le feiceáil ar an leathanach sin mar naisc.
- Cliceáil gach cáipéis, agus osclóidh sé i bhfuinneog nua. Déan gach cáipéis a íoslódáil/shábháil ar do ríomhaire/ghléas.
- Líon amach na cáipéisí atá ag teastáil agus cuir le chéile iad i **PDF aonair amháin** le do CV agus litir chumhdaigh.
- Nuair atá sé sin críochnaithe, téigh ar ais go dtí suíomh gréasáin AMÉ chun an próiseas iarratais a chur i gcrích.
- Arís, ón leathanach [Folúntais](#), aimsigh an post atá tú ag iarraidh cur isteach air.
- Cliceáil an cnaipe **Cuir Isteach Air Anois**.
- Cuir an fhoirm i gcrích.
- Déan do PDF comhcheangailte aonair a uaslódáil.
- Déan an seiceáil Captcha a chríochnú agus cliceáil **Cuir Isteach d'Iarratas**.

Cuir **ríomhphost bailí a dhéantar monatóireacht air** ar fáil. Úsáidfear an ríomhphost mar admháil ar d'iarratas agus mar phríomhbhealach teagmhála chun teagmháil a dhéanamh le hiarrthóirí.

Spriocdháta le haghaidh Iarratais

**Ní mór iarratais a fháil tráth nach déanaí ná 17:00
Dé hAoine, an 15 Lúnasa 2025**

Ní ghlacfar le foirmeacha iarratais déanacha. Cloífead leis an dáta agus an t-am go dian, agus dá bhrí sin, tá an fhreagracht ar an iarrthóir a chinntiú go bhfaightear an t-iarratas roimh an spriocdháta. **Beidh dícháiliú ina thoradh ar chanbhasáil.**

Coimeadaí Cúnta Grád II Príomhchoinníollacha seirbhíse

Pá:

Is é an scála tuarastail a bhaineann leis an bpost seo Scála RPP Ard-Mhúsaem na hÉireann – Coimeadaí Cúnta Grád II (Comhaontú Seirbhíse Poiblí 2024-2026 – Méadú 1% – an 1 Lúnasa 2025):

€39,474	€41,996	€42,670	€46,036	€49,413	€52,824	€56,392	€58,645	€60,908
1	2	3	4	5	6	7	8	9
€63,191	€65,460	€67,736	€70,011	€72,279	€74,567	€77,094	€79,618	
10	11	12	13	14	15 NMAX	16 LSI1*	17 LSI2**	

Faoi réir feidhmíocht shásúil, d’fhéadfadh sé go mbeadh incrimintí iníoctha de réir Bheartas reatha an Rialtais.

* Tar éis 3 bliana de sheirbhís shásúil ar phá uasta

**Tar éis 6 bliana de sheirbhís shásúil ar phá uasta

Tuarastal Tosaigh

Beidh iontráil ag leibhéal íosta an scála - €39,474 in aghaidh na bliana, an 1ú phointe ar Scála RPP Ard-Mhúsaem na hÉireann – Coimeadaí Cúnta Grád II (Comhaontú Seirbhíse Poiblí 2024-2026 – Méadú 1% – an 1 Lúnasa 2025). Féadfar an ráta luach saothair a choigeartú ó am go chéile de réir bheartas pá an Rialtais.

Fad na Fostaíochta

Ceapachán promhaidh a bheidh ann ar feadh bliana. Má chríochnaítear an tréimhse promhaidh go rathúil tairgfear conradh tréimhse éiginnte don té sin. Féadfaidh ceachtar taobh an ceapachán a fhoirceannadh tráth ar bith de réir na nAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 agus 1991.

Saoire bhliantúil

Beidh **25** lá oibre ann mar shaoire bhliantúil sa bhliain. Ardófar é sin go 27 lá tar éis 5 bliana seirbhíse. 29 lá tar éis 10 mbliana seirbhíse. Tá an tsaoire seo bunaithe ar sheachtain cúig lá agus ní áirítear léi na gnáth-laethanta saoire poiblí.

Uaireanta Tinrimh

Socrófar uaireanta tinrimh ó am go chéile de réir comhaontuithe lárnacha ach ní bheidh siad níos lú ná 43.25 uair an chloig comhlán in aghaidh na seachtaine (35 ghlanuair an chloig in aghaidh na seachtaine). Tá uaireanta solúbtha oibre i gceist a thagann le polasaí Ard-Mhúsaem na hÉireann maidir le uaireanta solúbtha oibre.

Aontóidh tú chun comhoibriú d’fhonn cuidiú le AMÉ taifead cruinn a choinneáil ar do chuid uaireanta oibre ar mhaithe le *hAlt 25 d’Acht um Eagrú Am Oibre, 1997*.

Dualgais

Beidh ort aon dualgais a d'fhéadfaí a shannadh duit ó am go ham a chomhlíonadh de réir mar is cuí don phost. Beidh an post ina phost lánaimseartha agus ní bheidh baint agat le haon ghnó seachtrach a chuirfeadh isteach ar chomhlíonadh dualgas oifigiúil. Aontaíonn tú chun tabhairt faoi na dualgais a ghabhann leis an bpost agus chun glacadh leis na coinníollacha faoina gcomhlíontar na dualgais, nó faoina bhféadfadh sé a bheith riachtanach iad a chomhlíonadh.

Ginearálta

Tá an ceapachán faoi réir Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse, 1956 go 1996, an tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004 agus aon Acht eile atá i bhfeidhm faoi láthair a bhaineann leis an státseirbhís. Beidh an té a cheapfar faoi réir bheartais an Ard-Mhúsaem maidir leis an gCód Caighdeán agus Iompair.

Aoisliúntas agus Scor

Déanfar na téarmaí agus coinníollacha aoisliúntais cuí mar atá in Ard-Mhúsaem na hÉireann a thairiscint don iarrthóir rathúil nuair a thairgfear an ceapachán. Go ginearálta, agus seachas i gcás iarrthóirí a d'oibrigh i bpost seirbhíse poiblí inphinsin (nár bhain téarmaí na scéime aonair leis) sna 26 seachtainí roimh an gceapachán (féach alt d thíos), ciallaíonn sé sin go ndéanfar ceapachán a thairiscint dóibh bunaithe ar bhallraíocht den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair ("An Scéim Aonair"). Is iad seo a leanas na príomhfhórlacha a bhaineann le ballraíocht na Scéime Aonair:

a. Aois Inphinsin

Is í an aois íosta dá bhfuil pinsean iníoctha ná 66 (ag éirí go 67 agus 68) ag teacht le hathruithe ar aois an Phinsin Stáit.

b. Aois Scoir:

Ní mór do chomhaltaí na scéime dul ar scor nuair a bheidh siad 70 bliain d'aois.

c. Laghdú Pinsin

- Más rud é go raibh an té a cheapfar fostaithe sa Státseirbhís roimhe seo agus go bhfuil sé ag fáil pinsin ón Státseirbhís beidh feidhm ag gnáthrialacha faoi laghduithe. Mar sin féin, má bhí an té a cheapfar fostaithe sa Státseirbhís roimhe sin agus más rud é gur bronnadh pinsean air faoi shocrúithe luathscoir deonacha (seachas faoin Scéim Dreasachta Luathscoir (ISER) nó Ciorclán na Roinne Sláinte 7/2010 VER/VRS, mar a tugadh le fios thuas rud a fhágann nach bhfuil duine incháilithe don chomórtas) cuirfear deireadh leis an teidlíocht don phinsean sin le héifeacht ó dháta an athcheaptha. Déanfar socruithe speisialta, áfach, chun seirbhís roimhe sin a thug an té a cheapfar a ríomh chun críche aon dámhachtain aoisliúntais amach anseo a bhféadfadh an té a cheapfar a bheith incháilithe ina leith.
- Má bhí an té a cheapfar fostaithe roimhe seo sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí tabhair faoi deara go bhfuil foráil san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Fórlacha Eile), 2012 lena leathnaítear laghdú pinsin do gach Státseirbhíseach agus Seirbhíseach Poiblí atá athfhostaithe sa chás go bhfuil pinsean Seirbhíse Poiblí á

íoc. Tháinig an fhoráil seo chun laghdú a chur i bhfeidhm ar fud na seirbhíse poiblí níos leithne i bhfeidhm an 1 Samhain 2012. **D'fhéadfadh impleachtaí pinsin a bheith aige seo d'aon duine a cheapfar sa phost seo atá ag fáil pinsean Státseirbhíse nó Seirbhíse Poiblí faoi láthair nó a bhfuil pinsean caomhnaithe Sibhialta nó Seirbhíse Poiblí aige a bheidh iníoctha le linn a fhostaíochta sa phost seo.**

- **Ciorclán 102/2007 de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna faoin Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí**

Thug an Roinn Oideachais agus Scileanna isteach Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí. Is coinníoll den Scéim Luathscoir é, seachas na cásanna atá leagtha amach in Alt 10.2 agus in Alt 10.3 de cháipéisíocht ábhartha an chiorcláin, agus leis na heisceachtaí sin amháin, má ghlacann múinteoir le luathscor faoi **Shnáitheanna 1, 2 nó 3** den scéim seo agus go bhfuil sé fostaíthe ina dhiaidh sin in aon cháil in aon chuid den earnáil phoiblí, **scorfar láithreach** d'íocaíocht pinsin leis an duine sin faoin scéim. Athchromfar ar íocaíochtaí pinsin, áfach, ar scor den fhostaíocht sin nó ar 60ú breithlá an duine sin, cibé acu is déanaí, ach ar atosú, beidh an pinsean bunaithe ar sheirbhís ináirithe iarbhír an duine mar mhúinteoir (i.e. ní chuirfear na blianta breise a tugadh roimhe sin san áireamh agus íocaíocht an phinsin á ríomh).

- **Dul ar Scor de thoradh Drochshláinte.** Tabhair do d'aire sa chás go bhfuil duine scortha ó chomhlacht Státseirbhíse/Seirbhíse Poiblí ar fhorais drochshláinte go bhféadfadh a phinsean ón bhfostaíocht sin a bheith faoi réir athbhreithniú de réir na rialacha um scor de bharr drochshláinte laistigh de scéim phinsin na fostaíochta sin.

d. Seirbhísigh Phoiblí roimhe seo

Cé gurb é ballraíocht sa Scéim Aonair atá sna téarmaí réamhshocraithe pinsin atá leagtha amach sna hailt roimhe seo, ach b'fhéidir nach mbeidh sé seo i gceist i gcás daoine áirithe a cheapfar. Tugtar sonraí iomlána na gcoinníollacha a rialaíonn cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil seirbhíseach poiblí ina bhall den Scéim Aonair san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha eile), 2012. Mar sin féin is í an phríomheisceacht (i gcomhthéacs an chomórtais seo agus go ginearálta) ná maidir le **hiarrthóir rathúil a d'oibrigh i gcáil inphinsin (nach raibh faoi théarmaí na scéime aonair) sa tseirbhís phoiblí laistigh de 26 seachtain ón am ar ghlac an t-iarrthóir leis an gceapacháin nach mbeadh an té sin ina bhall den Scéim Aonair de ghnáth.** Sa chás sin thairgfí ballraíocht sa scéim pinsin do státseirbhísigh neamhbhunaithe ("Scéim Fostaithe Stáit Neamhbhunaithe") d'iarrthóir dá leithéid. Chiallóidh sé seo go mbeadh feidhm ag na forálacha lacáiste ag (c) thuas, agus ina theannta sin bheadh impleachtaí ann maidir le fabhrú pinsin mar atá leagtha amach thíos:

e. Fabhrú Pinsin

Bheadh teorainn 40 bliain i bhfeidhm maidir leis an tseirbhís iomlán ar féidir a áireamh i leith pinsin i gcás go raibh duine ina bhall de níos mó ná scéim pinsin seirbhíse poiblí amháin. Tháinig an teorainn 40 bliain seo, dá bhforáiltear san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha eile), 2012 i bhfeidhm ar an 28 Iúil 2012. **D'fhéadfadh impleachtaí a bheith aige seo d'aon duine a cheapfar a thuill cearta pinsin i bhfostaíocht seirbhíse poiblí roimhe seo.**

f. Asbhaint a Bhaineann le Pinsean

Tá an ceapachán seo faoi réir na hasbhainte a bhaineann le pinsin de réir an Achta um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail 2009. Le haghaidh tuilleadh faisnéise faoin Scéim Pinsin Seirbhísí Poiblí Aonair do Sheirbhísigh Phoiblí féach ar an suíomh Gréasáin seo a leanas: <http://www.per.gov.ie/pensions>

Saoire bhreuiteachta

Féadfar pá iomlán a cheadú nuair a bhíonn duine as láthair de bharr breuiteachta ach é sin a bheith deimhnithe i gceart, ar choinníoll nach bhfuil aon fhianaise ann faoi mhíchumas buan maidir le seirbhís, agus is féidir é a cheadú suas go dtí 92 lá ar a mhéid in aon bhliain amháin agus ar leathphá ina dhiaidh sin, faoi réir 183 lá saoire bhreuiteachta ar a mhéid a bheith ann in aon tréimhse ceithre bliana nó níos lú.

Ceanglófar ar an té a cheapfar mandáid a shíniú ag údarú don Roinn Coimirce Sóisialaí aon sochair atá dlite faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a íoc go díreach le hArd-Mhúsaem na hÉireann agus beidh íocaíocht le linn breuiteachta faoi réir ag an oifigeach na héilimh riachtanacha a dhéanamh ar shochar árachais shóisialaigh chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí laistigh de na teorainneacha riachtanacha ama.

Rúndacht oifigiúil agus sláine

Beidh an té a cheapfar faoi réir fhorálacha an Achta um Rúin Oifigiúla 1963, arna leasú leis an Acht um Shaoráil Faisnéise 1997. Aontóidh an té a cheapfar gan aon fhaisnéis rúnda a nochtadh do thríú páirtithe go háirithe faisnéis a bhfuil acmhainneacht tráchtála ag baint léi, le linn na tréimhse fostaíochta nó ina diaidh.

Réamhcheadú maidir le foilsíú

Aontóidh an té a cheapfar gan ábhar a bhaineann le dualgais oifigiúla a fhoilsiú gan cead a fháil roimh ré ó Stiúrthóir Ard-Mhúsaem na hÉireann.

Gníomhaíocht pholaitiúil

Le linn an téarma fostaíochta, beidh an té a cheapfar faoi réir na rialacha a rialaíonn státseirbhísigh agus polaitíocht.

Tuilleadh sonraí

Tá forálacha mionsonraithe maidir le téarmaí agus coinníollacha éagsúla eile, amhail catagóirí saoire (lena n-áirítear saoire mháithreachais, uchtála agus sláinte agus sábháilteachta), cuid acu nó gach ceann díobh a d'fhéadfadh a bheith ábhartha don duine a cheapfar, leagtha amach i gclár ábhair atá ar fáil ar www.personnelcode.gov.ie.

Is mar threoir amháin atá sé seo ceaptha. Eiseofar téarmaí agus coinníollacha iomlána mar chuid den chonradh fostaíochta.